Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11076/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0212(BUD)**

**FIN 763**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 |

**IARSCRÍBHINN**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**LENA nGLACTAR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE DRÉACHTBHUISÉAD GINEARÁLTA AN AONTAIS EORPAIGH DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314(3) de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. An 4 Iúil 2022, thíolaic an Coimisiún togra ina raibh dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023[1],

2. Scrúdaigh an Chomhairle an togra ón gCoimisiún d'fhonn seasamh a shainiú a bheidh comhsheasmhach, ó thaobh an ioncaim de, le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena leasaítear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom[2], agus, ó thaobh an chaiteachais de, le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[3].

[1] COM(2022) 400 final.
[2] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
[3] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

An 6 Meán Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: http://www.consilium.europa.eu/

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*